CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 50/24
Lucsamburg, 21 Márta 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-61/22 | Landeshauptstadt Wiesbaden

# Tá iontráil éigeantach dhá mhéarlorg ar chártaí aitheantais i gcomhréir leis na cearta bunúsacha go n-urramófaí an saol príobháideach agus go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint

*Ós rud é, áfach, gur glacadh an rialachán lena bhforáiltear don bheart sin ar an mbunús dlí mícheart, dearbhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil sé neamhbhailí fad a choimeádtar a éifeachtaí go dtí an 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí, ionas gur féidir leis an reachtas Eorpach rialachán nua a ghlacadh maidir leis an mbunús dlí ceart*

Tá iontráil éigeantach dhá mhéarlorg ar chártaí aitheantais i gcomhréir leis na cearta bunúsacha go n-urramófaí an saol príobháideach agus go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Tá údar léi chun monarú cártaí aitheantais bréagacha agus goid aitheantais a chomhrac agus idir-inoibritheacht na gcóras fíoraithe a dheimhniú. Mar sin féin, dearbhaíonn an Chúirt, áfach, go bhfuil an rialachán lena bhforáiltear don bheart sin neamhbhailí ar an bhforas gur glacadh é ar an mbunús dlí mícheart agus, dá bhrí sin, faoin nós imeachta reachtach mícheart. Mar thoradh ar na hiarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheadh ag baint le neamhbhailíochtú le héifeacht láithreach, cinneann an Chúirt nach mór éifeachtaí an Rialacháin sin a choinneáil go dtí 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí, go dtí go dtiocfaidh Rialachán nua i bhfeidhm.

Rinne saoránach Gearmánach agóid os comhair cúirt Ghearmánach i gcoinne dhiúltú Chathair Wiesbaden cárta aitheantais a eisiúint dó gan íomhá dá mhéarloirg.

Iarrann an chúirt Ghearmánach ar an gCúirt Bhreithiúnais bailíocht Rialachán an Aontais a dheimhniú, ar Rialachán é lena gcuirtear d'oibleagáid dhá mhéarlorg a iontráil ar mheán stórála na gcártaí aitheantais [1].

I ndiaidh dianscrúdú a dhéanamh ar an gceist, dhearbhaigh an Chúirt **gur teorainn ar an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint í an oibleagáid dhá mhéarlorg iomlána a iontráil ar mheán stórála na gcártaí aitheantais**, a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

**Mar sin féin, tá údar leis an iontráil sin chun na cuspóirí leasa ghinearálta a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne monarú cártaí aitheantais bréagacha agus goid aitheantais a bhaint amach chomh maith le hidir-inoibritheacht na gcóras fíoraithe a dheimhniú.** Go bunúsach, tá sé iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus níl sé díréireach leo.

Go háirithe, a mhéid is féidir monarú cártaí aitheantais bréagacha agus goid aitheantais a chomhrac léi, is dual go gcuideodh iontráil dhá mhéarlorg le cosaint shaol príobháideach na ndaoine lena mbaineann agus, ar bhonn níos leithne, leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta agus na sceimhlitheoireachta. Thairis sin, trína chur ar chumas shaoránaigh an Aontais iad féin a shainaithint go hiontaofa, rannchuidíonn sé le feidhmiú a gceart chun saorghluaiseachta agus chun saoirse cónaithe san Aontas Eorpach a éascú. Dá bhrí sin, tá tábhacht ar leith ag baint

leis na cuspóirí a shaothraítear leis an iontráil sin, ní hamháin don Aontas agus do na Ballstáit, ach do shaoránaigh an Aontais freisin.

Mura gcuirfí isteach ach íomhá den aghaidh amháin, ní bheadh sé ina mheán sainaitheantais chomh héifeachtach céanna le dhá mhéarlorg digiteacha anuas ar an íomhá sin. Go bunúsach, is féidir le haosú, stíl mhaireachtála, tinneas nó máinliacht tréithe anatamaíocha an duine a athrú.

Ar an taobh eile, glacadh **an rialachán** atá i gceist **ar an mbunús dlí mícheart** [2] agus, dá bhrí sin, faoin nós imeachta reachtach mícheart, is é sin faoin ngnáthnós imeachta seachas gníomh reachtach speisialta lena n-éilítear aontoilíocht na Comhairle go háirithe. **Dearbhaíonn an Chúirt, dá bhrí sin, go bhfuil an Rialachán neamhbhailí.**

Mar sin féin, **dá ndéanfaí an Rialachán a neamhbhailíochtú le héifeacht láithreach, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha aige sin ar líon suntasach de shaoránaigh an Aontais agus ar a gcuid sábháilteachta** i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. **Ar an gcúis sin, chinn an Chúirt éifeachtaí an Rialacháin sin a choinneáil go dtí go dtiocfaidh Rialachán nua i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnta agus tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026,** arna bhunú ar an mbunús dlí ceart.

**MEABHRÚCHÁN:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó maidir le bailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar an díospóid féin. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte. Tá an cinneadh sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar na cúirteanna náisiúnta eile a bhfuil fadhb chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus do bhaill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta.

[2] Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle é ar bhonn Airteagal 21(2) CFAE maidir leis an gceart atá ag saoránaigh na hEorpa gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát. Is é an bunús dlí ceart, áfach, an fhoráil níos sonraí a dhéantar le hAirteagal 77(3) CFAE, a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus, go sonrach, le beartais maidir le rialuithe teorann, tearmann agus inimirce. Foráiltear leis an bhforáil dheireanach sin do nós imeachta reachtach speisialta, lena n-áirítear aontoilíocht sa Chomhairle.